Comhairle Chontae Laoise
Laois County Council



Plean Corparáideach
2014 – 2019

“Treoróidh an Chomhairle forbairt inbhuanaithe an Chontae ó thaobh cúrsaí geilleagracha, cultúrtha agus pobail de agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán do na pobail a bhfreastalaímid orthu”

Brollach ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir an Chontae

Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae Laoise, tá sé de phribhléid againn fáiltiú roimh fhoilsiú ár bPlean Chorparáidigh don tréimhse 2014 – 2019.

Is sa Phlean Corparáideach seo a leagtar amach an creat straitéiseach a leanfaidh an Chomhairle le linn shaolré na Comhairle. Beidh ról tábhachtach aige an fhís atá leagtha amach sa Phlean Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach a bhaint amach. Is é sin gurb "é (an rialtas áitiúil) go príomha a bheidh freagrach as rialachas agus seirbhísí poiblí ag an leibhéal áitiúil - déanfaidh sé forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus pobail a stiúradh, seirbhísí éifeachtúla agus ar luach maith a sheachadadh, agus déanfaidh sé ionadaíocht chomh héifeachtach agus chomh cuntasach agus is féidir do shaoránaigh agus do phobail áitiúla."

Príomhchuspóir an Phlean Chorparáidigh a bheidh i gcreat a sholáthar trína gcuirfear Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí le chéile. Sna Pleananna sin, leagfar amach na gníomhaíochtaí a dhéanfar ar fud gach eochair-réimse feidhme d'fhonn cuspóirí an Phlean Chorparáidigh a sholáthar agus aistreofar na cuspóirí sin ina straitéisí agus ina ngníomhaíochtaí tacaíochta níos mionsonraithe a mbeidh baint acu le gníomhaíochtaí bliantúla rannóige. Beidh baint acu leis an bpróiseas buiséadach, le Córais Forbartha Bainistíochta Tionscadal agus le táscairí ábhartha seirbhíse/feidhmíochta chomh maith.

Forbairt mhór is ea córas an Cheantair Bhardasaigh freisin, rud lena gcuirtear gné thábhachtach nua leis an rialtas áitiúil agus lena méadaítear an ról cinnteoireachta reachtúil atá ag comhaltaí tofa, go háirithe maidir le cinneadh a dhéanamh ar chláir oibreacha agus ar chaiteachas gaolmhar ar fud na seirbhísí éagsúla sa Cheantar tríd an sceideal bliantúil oibreacha a ghlacadh bunaithe ar an bpróiseas buiséadach.

Tugadh cuid mhór tionscnamh eile isteach ó ghlacadh an Phlean roimhe seo, mar shampla: an acmhainneacht atá ag seirbhísí comhroinnte éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú agus an ról athraitheach atá ag an rialtas áitiúil, go háirithe maidir lena fheidhmeanna eacnamaíocha, pobail agus fiontar, lena n-áirítear bunú na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil agus na nOifigí Fiontar Áitiúla.

Tá an Rialtas Áitiúil in Éirinn faoi réir próiseas mór-atheagrúcháin agus tá sé ríthábhachtach go gcinntítear leis na straitéisí agus leis na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean seo go leanfaidh Comhaltaí Tofa agus Fostaithe Chomhairle Chontae Laoise ar aghaidh le ceannaireacht a chur ar fáil maidir le saol sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha an Chontae a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach freisin gur féidir leis an gComhairle í féin a oiriúnú do chreat an Phlean ar mhaithe le freastal ar na dúshláin agus ar na deiseanna a thiocfaidh chun cinn inár dtimpeallachtaí oibriúcháin inmheánacha agus seachtracha araon sna cúig bliana romhainn.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar lenár gComhaltaí Tofa, lenár bhfostaithe, le geallsealbhóirí san earnáil gnó agus le heagraíochtaí pobail ar fud an Chontae chun a chinntiú go gcuirfear na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean seo chun feidhme go rathúil.

John Joe Fennelly M.C.C.
Cathaoirleach

Gerry Murphy
Príomhfheidhmeannach

Ár Sainordú

Bunaíodh Comhairle Chontae Laoise faoin Local Government (Ireland) Act 1898. Cuimsíonn an Chomhairle thofa 19 gComhalta a thoghtar go daonlathach chun ionadaíocht a dhéanamh do mhuintir an Chontae agus a oibríonn taobh le Coiste Feidhmiúcháin na Comhairle atá comhdhéanta den Phríomhoifigeach agus dá fhoireann. Tionóltar Toghcháin Áitiúla gach 5 bliana, agus na cinn is déanaí ar siúl i mí na Bealtaine 2014.

Is í Comhairle Chontae Laoise an príomhaonad Rialtais Áitiúil sa Chontae agus tá freagracht uirthi as raon éagsúil fairsing seirbhísí a sholáthar, nithe a théann i bhfeidhm ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, cultúrtha, talmhaíochta agus oideachais a bhíonn ar siúl sa Chontae.

Tá feidhmeanna na Comhairle roinnte ina bhFeidhmeanna Forchoimeádta agus ina bhFeidhmeanna Feidhmiúcháin. Is iad na Comhaltaí Tofa a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeádta agus baineann siad le hábhair thábhachtacha bheartais ar nós an Buiséad Bliantúil a ghlacadh, maoiniú a fháil ar iasacht, Pleananna Forbartha a chur le chéile, fodhlíthe, etc. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus áirítear leo baill foirne a fhostú, réadmhaoin a bhainistiú, cinntí pleanála a dhéanamh agus gnóthaí laethúla na Comhairle a riar. Tá an Chomhairle ar cheann de na fostóirí is mó sa Chontae, agus 348 fostaí coibhéise lánaimseartha aici faoi láthair.

Ceantair Bhardasacha / Coistí Beartais Straitéisigh / An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Ceantair Bhardasacha

Ón 1 Meitheamh 2014, is ar dhá leibhéal atá feidhmeanna forchoimeádta na Comhairle infheidhme ag na Comhaltaí. Tá feidhmeanna áirithe forchoimeádta don Chomhairle Contae iomlán go fóill, rud ar a dtugtar an Chomhairle Iomlánach uaireanta. Is ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh a chomhlíonfar feidhmeanna eile. I gcás Chontae Laoise, tá an Contae miondealaithe ina thrí Cheantar Bhardasacha mar seo a leanas:

- Port Laoise
- An Ghráig-Cúil an tSúdaire
- Buiríos Mór Osraí-Móinteach Mílic

Coistí Beartais Straitéisigh

Cabhraíonn na Coistí Beartais Straitéisigh leis an gComhairle beartas a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ba cheart aon trian ar a laghad de bhallraíocht na gCoistí a bheith tógtha ó earnálacha atá ábhartha maidir le hobair an Choiste Beartais Straitéisigh lena mbaineann. Is é ról an Choiste Beartais Straitéisigh tuairimí seachtracha a chur ar fáil do chomhaltaí tofa agus cur leis an bpróiseas um cheapadh beartais ag an am céanna. Tá ceithre Choiste Beartais Straitéisigh i gContae Laoise, is iad sin:

1. An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontar agus Pleanáil
2. An Coiste Beartais Straitéisigh um Iompar, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála
3. An Coiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht
4. An Coiste Beartais Straitéisigh um Chúrsaí Pobail, Sóisialta, Cultúrtha agus Oidhreachta

An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Tugann an Grúpa Beartais Chorparáidigh fóram inar féidir saincheisteanna beartais a chomhordú agus a phlé, rud a sháraíonn sainchúram na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh agus an Cheantair Bhardasaigh agus a ghníomhaíonn mar nasc idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus an Chomhairle iomlán. Tá an Coiste Beartais Chorparáidigh comhdhéanta den Chathaoirleach agus de Chathaoirligh na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach agus ón bhFoireann Shinsearach.

Comhaltaí Chomhairle Chontae Laoise

Toghadh na daoine seo a leanas mar Chomhaltaí de Chomhairle Chontae Laoise sna Toghcháin Áitiúla a tionóladh an 23 Bealtaine 2014.

CEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE

William Aird (Fine Gael)

John Joe Fennelly (Fianna Fáil)

Mary Sweeney (Fine Gael)

Jeremiah Lodge (Fianna Fáil)

Caroline Dwane Stanley (Sinn Féin)

Noel Tuohy (Páirtí an Lucht Oibre)

Catherine Fitzgerald (Fianna Fáil)

CEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ-MHÓINTEACH MÍLIC

Brendan Phelan (Neamhspleách)

John King (Fine Gael)

James Kelly (Neamhspleách)

David Goodwin (Fine Gael)

Patrick Bracken (Fianna Fáil)

Séamus McDonald (Fianna Fáil)

CEANTAR BARDASACH NA GRÁIGE-CHÚIL AN tSÚDAIRE

Ben Brennan (Neamhspleách)

Pádraig Fleming (Fianna Fáil)

John Moran (Fine Gael)

Tom Mulhall (Fine Gael)

Aidan Mullins (Sinn Féin)

Paschal McEvoy (Fianna Fáil)

An Dóigh a bhFeidhmítear an Córas



Croí-Réimsí Seirbhísí



Forbhreathnú ar an gContae

Agus é lonnaithe i Lár Tíre Theas na hÉireann, cuimsíonn Contae Laoise achar 171,990 heicteár. De réir dhaonáireamh 2011, tá cónaí ar 80,559 duine sa Chontae, rud arb ionann é agus méadú 20% ar an bhfigiúr i ndaonáireamh 2006. Is é sin an fás daonra céatadánach is airde sa tír ar fad. Is talamhiata atá an contae agus, rud uathúil, níl teorainn aige le haon chontae eile atá i dteagmháil leis an gcósta.

Tá Port Laoise, príomhbhaile an chontae, nasctha go straitéiseach le mórchathracha amhail Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach trí ghréasán mhótarbhealaí an M7 agus an M8. Trasnaíonn bóthar an N80 an Contae freisin, rud a nascann Baile Cheatharlach agus Port Laoise, príomhbhailte contae, le Tulach Mhór, le Baile Átha Luain agus leis an Muileann gCearr. Tá nascacht iarnróid den scoth ag Contae Laoise freisin, agus na príomhlínte iarnróid idir Baile Átha Cliath, Corcaigh agus Luimneach agus idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ag dul tríd an gContae. I measc na bpríomhbhailte eile, tá Cúil an tSúdaire, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, an Sráidbhaile, Mainistir Laoise agus an Ghráig.

Idir Dhún Másc agus chúlráideacht bhreá Shliabh Bladhma, tá Laois saibhir ó thaobh taitneamhachtaí nádúrtha de. Tá raon leathan nithe is díol spéise le fáil sa chontae, lena n-áirítear Amharclann Dhún Másc, Músaem Theach Bocht an Drochshaoil, Domhnach Mór, agus an Teach Ealaíne, an Sráidbhaile, gan ach roinnt díobh a lua. Tá Laois ina ceann scríbe do mhórimeachtaí agus do mhórfhéilte anois, agus roinnt de na himeachtaí is mó sa lár tíre á n-óstáil aici – an Phicnic Leictreach, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, Féile réigiúnach Rós Thrá Lí ina measc.

Tá saoráidí caitheamh aimsire, áineasa agus taitneamhachta den scoth le fáil sa chontae freisin, lena n-áirítear dhá ionad fóillíochta, 19 gclós súgartha agus roinnt mhaith siúlóidí agus rianta a mheallann líon mór cuairteoirí le linn na bliana. Forbraíodh Rian Gairdíní ar a dtaispeántar an raon gairdíní éagsúla atá ann ar fud an chontae freisin.

Tá geilleagar measctha ag Contae Laoise, agus earnálacha na seirbhísí agus na déantúsaíochta freagrach as níos mó ná 90% den fhórsa saothair. Tá Ionad Fiontar Ionnaithe i bPort Laoise agus i gCúil an tSúdaire freisin, áit a dtairgtear rogha spásanna tarraingteacha oifige agus tionscail éadroim ar phraghas inacmhainne do ghnólachtaí luathchéime agus nuathionscanta.

Ár Luachanna

Daonlathas agus Cuntasacht Áitiúil

Feidhmeoidh an Chomhairle an sainordú daonlathach atá aici ar bhealach neodrach, follasach agus cuntasach agus faoi réir riachtanais dhlíthiúla, eiticiúla agus reachtúla.

Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar bhealach cuimsitheach, cothrom agus sofhreagrach.

Inbhuanaitheacht

Tá an Chomhairle tiomanta dá chinntiú go n-oibríonn sí i slite a dtagann le prionsabal na hinbhuanaitheachta, a n-éascaíonn dul chun cinn geilleagrach agus comhtháthú sóisialta agus a ndéanann an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint.

Cuimsiú Sóisialta

Tá an Chomhairle tiomanta do chuimsiú sóisialta a chur chun cinn i ngach gníomhaíocht dá cuid.

Comhpháirtíocht

Is mór ag an gComhairle comhpháirtíocht leis an earnáil phríobháideach, le gníomhaireachtaí stáit, le grúpaí pobail, leis an mórphobal agus leis an bhfórsa saothair.

Bainistíocht Acmhainní agus Luach ar Airgead

Tá an Chomhairle tiomanta d'úsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil di.

Cumas Inmheánach agus Acmhainní

Tá 348 fostaí coibhéise lánaimseartha mar fhórsa saothair ag Comhairle Chontae Laoise. Ar aon dul leis an dea-chleachtas, bainistíonn sí a feidhm acmhainní daonna trí shraith éagsúil leathan de bheartais acmhainní daonna, lena n-áirítear bainistíocht feidhmíochta trí phróiseas an chórais bhainistíochta agus forbartha feidhmíochta.

D'éirigh leis an gComhairle na dúshláin a tháinig as na comhaontuithe éagsúla náisiúnta um sheirbhísí poiblí a shárú agus sholáthair sí raon leathan éifeachtúlachtaí a bhuí le tiomantas agus le solúbthacht á fórsa saothair.

Ón mbliain 2015 i leith, cuirfidh Comhairle Chontae Laoise Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí le chéile ar aon dul leis an mBuiséad formheasta. Tabharfar aird sna pleananna sin ar na tosaíochtaí comhaontaithe atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus ar cheanglais reachtacha agus reachtúla – cosúil leo siúd a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht etc. – nach mór iad a chomhlíonadh. Dearfar an Buiséad Bliantúil bunaithe ar na hacmhainní a bheidh ar fáil ón rialtas láir agus ar na hacmhainní a bheidh againn féin.

Dá bhrí sin, déanfaidh an méid acmhainní a bheidh ar fáil difear don chumas a bheidh ag an gComhairle a cuid cuspóirí a chomhlíonadh. Déanfaidh Comhairle Chontae Laoise a dícheall dul i ngleic leis na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sa timpeallacht shíorathraitheach ina n-oibríonn an t-údarás áitiúil.

Foinsí Cistiúcháin



** Bunaithe ar ioncam buiséadach do 2015*

Bíonn dálaí ag athrú níos tapa ná riamh agus leanfaidh na tosca taobh thiar den athrú sin le difear a dhéanamh don Chontae. Mar Údarás Áitiúil, déanann raon leathan tosca seachtracha agus inmheánacha difear don chumas a bhíonn againn ár gcuid spriocanna a bhaint amach. Beidh cur chuige bríomhar, réamhghníomhach agus sofhreagrach ag teastáil chun coinneáil cab ar chab le forbairtí.

Tá sé deacair a thuar go cruinn conas a dhéanfaidh na tosca athraithe difear do Chomhairle Chontae Laoise. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go bhféachaimid leis na tosca sin, agus leis an difear a dhéanfaidh siad, a shainaithint. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas struchtúir, seirbhísí agus cláir a fhorbairt chun ár gcuid spriocanna a chomhlíonadh agus cloí le prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta.

Tá na nithe seo a leanas i measc roinnt de na straitéisí agus de na pleananna a dhéanann difear dár gcuid gníomhaíochtaí:

Náisiúnta/AE

- An ról atá ag Comhairle Chontae Laoise maidir le beartais náisiúnta ábhartha reatha a chur ar aghaidh agus le rannchuidiú a dhéanamh leo
- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020
- An Clár um Chóiríocht don Lucht Siúil 2014-2018 (an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil [RCPRÁ])
- Pobail a Choinneáil Sábháilte – Creat Seirbhísí Dóiteáin 2013 (RCPRÁ)
- An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- An Plean Forfheidhmithe don Straitéis Náisiúnta Míchumais 2013-2015 (an Roinn Sláinte)
- An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 (RCPRÁ)
- An Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 (RCPRÁ)
- An Plean Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach - “Tús Áite do na Daoine” 2012 (RCPRÁ)
- An Plean Forfheidhmithe ar Fhreagairt an Stáit don Easpa Dídine 2014-2016 (RCPRÁ)
- An Straitéis Gheilleagrach Mheántéarmach 2014-2020 (Roinn an Taoisigh)
- An Plean Gníomhaíochta do Phoist (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta)
- Tógáil 2020 (Roinn an Taoisigh, 2014)
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe d’Éirinn 2012 (RCPRÁ)
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí 2014-2020 (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)
- Athstruchtúrú an Chláir Iompair Thuaithe
- Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013-2016 (Comhaontú Bhóthar Haddington)
- An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020
- An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach

Réigiúnach

- Clár Oibríochtúil Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair 2014-2020
- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha Lár na Tíre 2010-2022
- Plean Bainistíochta Dramhaíola Réigiún an Láir Tíre Thoir 2015-2021
- Straitéisí Easpa Dídine Réigiún Lár na Tíre

Áitiúil

- Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (le glacadh)
- Plean Forbartha Contae Laoise 2011-2017
- Plean Limistéir Áitiúil Phort Laoise 2012-2018
- Comhphlean Limistéir Áitiúil Chúil an tSúdaire 2012-2018
- Plean Limistéir Áitiúil na Gráige 2012-2018
- Straitéis a Thacaíonn le Daoine Breacaosta (le glacadh)

Is é an dúshlán atá ann roimh Chomhairle Chontae Laoise bheith réamhghníomhach agus sofhreagrach, feabhas leanúnach a chur ar fáil i soláthar seirbhísí, acmhainní a bhainistiú agus riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh le linn di an ról reachtúil agus na feidhmeanna reachtúla atá aici a chomhlíonadh.

Cuspóirí Corparáideacha

Is iad seo a leanas na Cuspóirí Corparáideacha atá ag Comhairle Chontae Laoise:

1. Leanúint ar aghaidh le Bainistíocht Chorparáideach a fhorbairt agus le feabhas a chur ar chaighdeán na Seirbhísí do Chustaiméirí.

2. Acmhainní Daonna na Comhairle a bhainistiú go héifeachtach ar mhaithe le héifeachtúlacht a uasmhéadú i soláthar seirbhísí.

3. Dianfhaireachán agus bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní na Comhairle ar mhaithe le héifeachtúlacht a bhaint amach agus a uasmhéadú.

4. Forbairt gheilleagrach inbhuanaithe a éascú agus a chur chun cinn agus soláthar príomhthionscadal bonneagair a chur ar aghaidh.

5. Pobal atá cuimsitheach go sóisialta a chur chun cinn agus a chothú.

6. Bainistíocht Riosca a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

7. Tionscnaimh agus cleachtais inbhuanaithe chomhshaoil a chothú agus a chur chun cinn sa Chontae/Réigiún, agus

8. Comhaontú Bhóthar Haddington agus an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 a chur chun feidhme.

Is trí na Pleananna Rannóige seo a leanas a chur i gcrích a chomhlíonfar na Luachanna agus na Cuspóirí Corparáideacha atá ag Comhairle Chontae Laoise.

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Bóithre - An Gréasán	Bonneagar fisiciúil bóithre an Chontae a chosaint agus a fheabhsú chun uaillmhianta áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a shásamh	Cistiú a uasmhéadú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó fhoinsí eile chun gréasán bóithre atá sábháilte agus éifeachtúil a fheabhsú, a chothabháil agus a chur ar fáil. Ar aon dul le forbairt cheart inbhuanaithe an Chontae, leanfaimid ar aghaidh leis an infheistíocht sin a chosaint i gcomhar le rialú pleanála
Sábháilteacht ar Bhóithre	Líon agus déine na nimbhuailtí ar bhóithre a laghdú sa Chontae	Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre a cheapadh agus a chur chun feidhme don Chontae, ag féachaint don Bheartas Náisiúnta mar atá sa Straitéis Sábháilteachta ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Leanúint de bheith ag obair leis na geallsealbhóirí uile e.g. an Garda Síochána, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an tSeirbhís Dóiteáin, etc., chun an dea-chleachtas a chur chun feidhme maidir le sábháilteacht ar bhóithre
Bóithre - Nascacht	Féachaint le Laois a fheabhsú mar nasc tábhachtach iompair sa Lár Tíre	Idirchaidreamh agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta chun Laois a chur chun cinn mar nasc tábhachtach iompair sa Lár Tíre
Bóithre - Córais Inbhuanaithe Iompair	Straitéis an Rialtais ar thaisteal níos cliste a chur chun feidhme	A chinntiú go ndéanaimid bearta a phleanáil agus a chur chun feidhme laistigh den Chontae chun gach modh iompair a spreagadh, agus é mar chuspóir foriomlán leo úsáid an chairr a laghdú, roghanna malartacha 'níos sláintiúla' a spreagadh agus seirbhísí iompair phoiblí a bharrfheabhsú

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Scéimeanna Uisce agus Fuíolluisce Poiblí	Obair a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann de réir an Chomhaontaithe Seirbhíse chun a chinntiú go gcuirtear soláthar uisce atá sábháilte, iontaofa agus imleor ar fáil do mhuintir Laoise, do ghnólachtaí, d'ospidéil agus do scoileanna ar aon dul le Rialacháin um Uisce Óil 2014 ón Aontas Eorpach, rud a thabharfaidh cosaint do shláinte phoiblí mhuintir Laoise agus a thacóidh le forbairt shocheacnamaíoch an Chontae	A chinntiú go gcomhlíonfar ar a laghad na Spriocanna Feidhmíochta agus na Spriocanna Soláthar Seirbhísí atá leagtha amach i bPlean Bliantúil Seirbhísí Uisce Éireann/ Chomhairle Chontae Laoise 2015 Tacú le hUisce Éireann an Clár Infheistíochta Caipitil do Scéimeanna Uisce agus Fuíolluisce Poiblí a sholáthar go rathúil
Uisce Tuaithe	Leanúint ar aghaidh le tacaíocht airgeadais, riaracháin agus theicniúil a thabhairt d'Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce i gcomhar le Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce chun a chinntiú go gcuirtear soláthar uisce atá sábháilte, iontaofa agus imleor ar fáil don phobal tuaithe agus feirmeoireachta i gContae Laoise ar aon dul le Rialacháin um Uisce Óil 2014 ón Aontas Eorpach, rud a thabharfaidh cosaint do shláinte phoiblí mhuintir Laoise agus a thacóidh le forbairt shocheacnamaíoch na hearnála talmhaíochta Leanúint ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh thuaithe dul i ngleic le heasnamh ina soláthar uisce príobháideach	Faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na Grúpscéimeanna Uisce Príobháideacha agus Poiblí Féachaint le Grúpscéimeanna Uisce Poiblí a fheabhsú trí leas a bhaint as cistiú ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun gur féidir le hUisce Éireann scéimeanna den sórt sin a ghlacadh faoina chúram Le cúnamh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leanúint ar aghaidh le cothabháil na nGrúpscéimeanna Uisce Príobháideacha a fhóirdheonú Leanúint ar aghaidh leis an Scéim um Dheontais Tobair a fheidhmiú de réir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Mionscéimeanna Príobháideacha	A chinntiú go gcuireann Mionsoláthraithe Uisce Príobháideacha soláthar uisce atá sábháilte, iontaofa agus imleor ar fáil ar aon dul leis na Rialacháin um Uisce Óil 2014 ón Aontas Eorpach, rud a thabharfaidh cosaint do shláinte phoiblí mhuintir Laoise agus a thacóidh le forbairt shocheacnamaíoch agus oideachais an Chontae	Bainfidh Comhairle Chontae Laoise an méid sin amach trí na hacmhainní foirne agus pearsanra araon a theastaíonn chun an ról atá aici mar Údarás Maoirseachta faoi na Rialacháin um Uisce Óil 2014 ón Aontas Eorpach a chomhlíonadh

Taiscumar Knocks á thógáil

Tionscadal Liosta Beart Leasúcháin Phort Laoise – Píobán á leagan sa Sián

Líonra Bailte Laoise – Conradh á shíniú

Teach Caidéil Raoire a uasghrádaíodh in 2013

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Tionscnaimh Phobail / Bailte Slachtmhara	Tacú le forbairt pobail agus í a éascú	Tionscnaimh phobail a fhorbairt agus a chur chun cinn agus infheistiú i gcomhpháirtíochtaí le grúpaí pobail agus le cumainn éagsúla Cónaidhm Bailte Slachtmhara Laoise a éascú Tacú le Coistí áitiúla Bailte Slachtmhara agus leis an éiteas náisiúnta bailte slachtmhara ar leibhéal áitiúil agus iad sin a chur chun cinn
Athrú Aeráide	An laghdú fuinnimh 33% don bhliain 2020 a bhaint amach, faoi mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide	EnergyMap, rud ar próiseas foirmiúil um bainistíocht fuinnimh é, a thabhairt isteach le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann Príomhthionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh agus um laghdú fuinnimh a chur chun feidhme
Feasacht ar an gComhshaol	Feasacht a ardú trína bheith ag obair le scoileanna agus le grúpaí pobail	Clár tiomnaithe a dhearadh agus a sholáthar do scoileanna, agus tionscnaimh chomhlántacha ag gabháil leis Leanúint ar aghaidh le cláir, le comórtais agus le tionscnaimh éagsúla feasachta poiblí a sholáthar, lena n-áirítear, nuair is cuí, feachtais timpeallachta nádúrtha a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil
Clár Oibre Áitiúil 21 (LA21)	Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú ar leibhéal pobail	Clár náisiúnta deontas LA21 a chur chun cinn ar leibhéal áitiúil. Measúnú a dhéanamh ar iarratais a fhaightear agus cloí le critéir agus le spriocdhátaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Obair a dhéanamh le grúpaí / líonraí áitiúla a chuireann prionsabail na forbartha inbhuanaithe agus LA21 chun cinn go gníomhach
Bainistíocht Bruscair agus Forfheidhmiú	Leanúint ar aghaidh leis na hAchtanna um Thruailliú Bruscair arna leasú a fhorfheidhmiú	Dul sa tóir ar gach sárú ar na hAchtanna agus ar gach cion Caitheamh bruscair/dumpáil neamhdhleathach a réiteach i mbaill dhubha bhruscair
Cáilíocht an Uisce agus an Aeir	Treoracha AE agus an Reachtaíocht Náisiúnta maidir le Cáilíocht an Uisce agus an Aeir a chomhlíonadh	Pleananna ábhartha Bainistíochta Abhantraí agus an Clár Bainistíochta Cáilíochta Uisce a chur chun feidhme Foinsí féideartha truaillithe a imscrúdú Sceitheanna in uiscí agus astaíochtaí aeir a cheadúnú

Comhshaol

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Diúscairt Dramhaíola Soladaí	A chinntiú go mbíonn fáil ar shaoráidí imleora diúscartha dramhaíola sa Chontae	Láithreacha líonadh talún a fheidhmiú de réir caighdeán atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis an gceadúnas ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus éifeachtúlachtaí oibriúcháin a athbhreithniú Uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ionaid fág anseo agus as ionaid fóntais phoiblí atá ann cheana féin Méadú a dhéanamh ar raon na n-ábhar in-athchúrsáilte a nglactar leo ag saoráidí athchúrsála
Forfheidhmiú Dramhaíola	Leibhéil forfheidhmiú dramhaíola a fheabhsú sa Chontae	Leanúint ar aghaidh leis an gcóras forfheidhmithe sa Chontae a fheabhsú de réir na reachtaíochta um Bainistíocht Dramhaíola
Bainistíocht Dramhaíola	Ceanglais Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Láir Tíre Thoir a chomhlíonadh	Bearta a shainaithint chun na spriocanna atá sonraithe do Chontae Laois sa Phlean a chomhlíonadh

An Tascfhórsa um Bruscar Guma á sheoladh in 2014

Na Dámhachtainí Comhshaoil

Cláir Athúsáide á ndéanamh ag scoileanna

Lá na Vaigíní Beaga

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Oibríochtaí na Briogáide Dóiteáin	Soláthar a dhéanamh do dhaoine a tharrtháil nó a chosaint agus do mhaoin a chosaint ar dhóiteán agus ar éigeandálaí eile	Foirne agus trealamh a choinneáil atá in ann seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar a choinneáil ar bun de réir an doiciméid bheartais “Pobail a Choinneáil Sábháilte”
Bonneagar na Seirbhíse Dóiteáin	Bonneagar sásúil a chur ar fáil don tseirbhís dóiteáin	Leanúint leis an gClár Caipitil chun a) fearais agus trealamh a sholáthar, agus b) stáisiúin agus saoráidí dóiteáin a fheabhsú agus a thógáil
Cosc Dóiteáin	Soláthar a dhéanamh don phobal a chosaint ar ghuais an dóiteáin sa timpeallacht thógtha	Na feidhmeanna a thugtar don Údarás Dóiteáin faoi na hAchtanna seo a leanas a chomhlíonadh:- - An tAcht um Rialú Foirgníochta - An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha - An tAcht Seirbhísí Dóiteáin
Sábháilteacht an Phobail ar Dhóiteán	Laghdú a dhéanamh ar líon na ndóiteán agus na n-éigeandálaí eile a chuireann beatha i mbaol de réir an bheartais “Pobail a Choinneáil Sábháilte”	Seirbhísí comhairleachta agus comhairle a chur ar fáil don phobal Clár um Shábháilteacht an Phobail ar Dhóiteán a reáchtáil
Bainistíocht Móréigeandálaí	Cur ar chumas na Comhairle a cuid feidhmeanna a chomhlíonadh in aon Mhóréigeandáil nó in aon teagmhas criticiúil a d’fhéadfaí a dhearbhú agus an cumas sin a choinneáil ar bun	An Plean Móréigeandálaí a athbhreithniú agus a nuashonrú Tabhairt faoi oiliúint agus faoi chleachtaí foirne Comhordú le gníomhaireachtaí eile

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Pleanáil Chun Cinn	Creat pleantreoraithe a chur le chéile chun forbairt an Chontae a threorú, rud a bheidh comhsheasmhach le beartais phleanála náisiúnta agus réigiúnacha agus le prionsabail na forbartha inbhuanaithe	Leanúint de bheith ag cur le beartas Náisiúnta agus Réigiúnach Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae agus ar Phleananna Limistéir Áitiúil agus a chinntiú go gcuirfear impleachtaí comhshaoil san áireamh agus iad á n-ullmhú Tréigean a laghdú trí fhorálacha an Achta um Láithreáin Thréigthe a fhorfheidhmiú
Bainistíocht Forbartha	A chinntiú go gcuireann an próiseas Bainistíochta Forbartha seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil dár gcustaiméirí uile ar bhealach éifeachtúil, cothrom agus comhsheasmhach agus ar aon dul le pleanáil cheart agus le forbairt inbhuanaithe	Leanúint le feabhas a chur ar cháilíocht na gcinntí a dhéantar ar gach iarratas pleanála Próiseas iarratais phleanála atá éifeachtach, éifeachtúil, cothrom agus comhsheasmhach a choinneáil ar bun
Forfheidhmiú Pleanála	A chinntiú go leanfar ar aghaidh leis an bpróiseas Forfheidhmiú Pleanála a chur chun feidhme ar aon dul leis an reachtaíocht ábhartha um Pleanáil agus Forbairt	Gearáin a imscrúdú agus beart forfheidhmithe cuí a dhéanamh ar bhealach tráthúil chun sáruithe a leigheas agus/nó réitigh a idirbheartú d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta um pleanáil a áirithiú Na Nósanna Imeachta um Fhorfheidhmiú Pleanála a athbhreithniú agus a fheabhsú ar bhonn rialta
Rialú Foirgníochta	Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán Foirgníochta agus Córais Bhainistíochta um Rialú Foirgníochta a chur chun feidhme de réir na reachtaíochta ábhartha um rialú foirgníochta	An Clár Cigireachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú, gearáin a imscrúdú agus beart cuí a dhéanamh ar bhealach tráthúil chun sáruithe a leigheas agus/nó réitigh a idirbheartú Straitéis feasachta a fhorbairt maidir leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta
Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe	Leanúint ar aghaidh le heastáit a ghlacadh faoinár gcúram ar bhealach éifeachtúil agus i gcomhréir le Treoirlínte Náisiúnta agus leis an Reachtaíocht um Pleanáil agus Forbairt	An beartas agus an próiseas um Ghlacadh faoi Chúram a athbhreithniú i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí uile chun comhlíonadh na reachtaíochta um pleanáil agus forbairt a áirithiú Clár na n-eastát neamhchríochnaithe a choinneáil ar bun agus a nuashonrú Iarratais ar eastáit a ghlacadh faoi chúram a phróiseáil ar bhealach tráthúil agus leanúint ar aghaidh le heastáit a ghlacadh faoinár gcúram

Pleanáil agus Forbairt

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Oidhreacht	An oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a shainaithint agus a chaomhnú	Na gníomhartha atá sa Phlean Oidhreachta 2014 - 2019 a chur chun feidhme An dea-chleachtas ó thaobh bainistíocht oidhreachta agus caomhnú oidhreachta a bhunú agus a chur chun cinn Feasacht a ardú ar oidhreacht Chontae Laoise agus daoine a spreagadh taitneamh a bhaint aisti
Forbairt Gheilleagrach	Gníomhú mar spreagadh, mar nasc agus mar ghníomhaire le haghaidh forbairt gheilleagrach i gContae Laoise	Straitéis Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a fhoilsiú don Chontae Forbairt Páirc Fiontar Náisiúnta/Calafoirt Intíre a chur chun cinn ag an Tóchar, Port Laoise Fostaíocht inbhuanaithe a spreagadh agus fiontraíocht a chothú Leas a bhaint as an acmhainneacht forbartha geilleagraí a ghabhann le Laois a bheith lonnaithe sa lár tíre agus lena inrochtana atá sí ar ghréasáin mhótarbhealaí agus iarnróid Contae Laoise a chur chun cinn mar cheann scríbe le haghaidh imeachtaí Díriú ar fhiontair agus ar earnálacha fostaíochta a oireann don oideachas agus do na scileanna atá ag cónaitheoirí Chontae Laoise bunaithe ar iniúchadh ar scileanna Forbairt gheilleagrach Chontae Laoise a chur chun cinn Nascadh le gníomhaireachtaí cur chun cinn agus le hinstitiúidí oideachais chun straitéis mhargaíochta agus suíomh Gréasáin a ullmhú le haghaidh forbairt gheilleagrach i gContae Laoise Uasmhéadú a dhéanamh ar an sciar atá ag Contae Laoise den gheilleagar turasóireachta, agus sinn ag díriú ar shócmhainní oidhreachta agus ar thurasóireacht ghníomhaíochtbhunaithe

Fiontar Áitiúil

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Seirbhísí Faisnéise agus Comhairle Gnó a Chur Chun Cinn	Cur le timpeallacht dhinimiciúil ina dtacaítear le fiontraithe agus lena bhfiontair nua agus le forbairt agus le fás na ngnólachtaí atá ann cheana sa chontae	Comhairle agus faisnéis ghinearálta gnó a sholáthar Comhairle agus faisnéis a sholáthar maidir le rátaí, le pleanáil, le ceadúnú, etc. Leanúint ar aghaidh le faisnéis agus le rochtain a chur ar fáil ar sheirbhísí eile rialtais Comhairle agus faisnéis do ghnólachtaí áitiúla maidir le próisis soláthair phoiblí a rochtain, lena n-áirítear soláthar oiliúna agus ceardlainne Comhairle maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, le forbairt inbhuanaithe agus le foinsí malartacha fuinnimh in-athnuaite
Seirbhísí Tacaíochta Fiontar a Chur Chun Cinn	Díriú ar riachtanais na bhfiontar atá ann cheana, dul chun cinn gnóthas beag a threisiú agus a n-iomaíochas, a nuálaíocht agus a gcumas bainistíochta a bhreisiú. Oibreoidh Oifig Fiontar Áitiúil Laoise i gcomhpháirt lena cliaint chun a bhfás agus a bhforbairt a chur ar aghaidh	Tacaí airgeadais a chur ar fáil le haghaidh forbairt gnólachtaí nuathionscanta agus gnóthas Rochtain ar roghanna cistiúcháin malartacha a éascú Clár oiliúna a cheapadh chun freastal ar riachtanais ghnóthas nua/ghnóthas atá ann cheana Caidreamh a chothú le cliaint atá ann cheana chun tacú le hiarrachtaí forbartha Rochtain ar spás fiontar tráchtála a éascú Tacaí margaíochta a chur ar fáil do ghnóthais bheaga Seirbhísí meantóireachta a chur ar fáil Deiseanna líonrúcháin a chur ar fáil Seirbhísí Gréasánchumasaithe a fhorbairt agus díriú á chur ar thrádáil ar líne Dul chun cinn gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainne chuig Fiontraíocht Éireann a éascú

Fiontar Áitiúil

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Seirbhísí Tacaíochta Fiontraíochta a Chur Chun Cinn	Tacaíocht chuí a chur ar fáil chun cabhrú le fiontraithe fiontair nua a chruthú i Laois, go háirithe iad sin a bhfuil an acmhainneacht acu fás agus forbairt	Páirt a ghlacadh i bhfiontraíocht a chur chun cinn ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal mar rogha gairme Fiontraíocht Ban a chur chun cinn trí chláir spriocdhírithe atá sonrach don inscne a chur ar fáil Naisc le coláistí 3ú Leibhéal a fhorbairt Clinic/Seimineáir Fiontraíochta a chur ar fáil Gníomhaíochtaí chun Fiontraíocht a Chur Chun Cinn a chur ar fáil
Seirbhísí Forbartha Fiontar Áitiúil a chur chun cinn	Díriú ar riachtanais fiontar atá ann cheana, a n-iomaíochas, a nuálaíocht agus a gcumas bainistíochta a bhreisiú agus, nuair is mian leis an bhfiontar fás, oibriú i gcomhpháirt leis an gcuideachta chun tacú lena fás agus lena forbairt	Plean Fiontar Áitiúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme Cur le próiseas an Phlean Forbartha Contae Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníom-haireachtaí ábhartha e.g. Forbairt Thuaidh/Theas Leanúint de Laois a chur chun cinn mar áit chun gnó a dhéanamh Cabhrú le Straitéisí Eacnamaíocha Contae a fhorbairt, mar atá molta sa Chlár um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil Teagmháil dhíreach le gnóthais i dtrioblóid chun pleananna íocaíochta a fhorbairt

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Tacú leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus a phlean a chur chun feidhme	Cabhrú le cur chuige comhtháite tionscnamh agus tacaí agus é a chur chun cinn chun aidhmeanna straitéiseacha an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil a chomhlíonadh	Obair an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil a éascú
Oibriú chun Cuimsiú Sóisialta agus Comhdheiseanna do gach custaiméir de chuid Chomhairle Chontae Laoise a chinntiú	Tacú le seirbhísí a sholáthar do dhaoine ar fud an Chontae atá eisiata go sóisialta	A chinntiú go dtacaíonn gach Gníomhaireacht ábhartha le tacaí a sholáthar do dhaoine atá eisiata go sóisialta
Tacú le hobair na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail mar chomhlachtaí atá ionadaíoch d'Earnáil an Phobail, don Earnáil Dheonach agus d'Earnáil an Chomhshaoil	Cabhrú leis na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail chun a chinntiú go ndéantar ionadaíocht chothrom do thuairimí Earnáil an Phobail, na hEarnála Deonaí agus Earnáil an Chomhshaoil	Leanúint d'obair na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail a chur chun cinn
Rannpháirtíocht daoine óga i bhforbairt an Chontae sa todhchaí a spreagadh agus a chur chun cinn	Rannpháirtíocht daoine óga i gcinnteoireacht na soláthraithe seirbhíse sa Chontae a chur chun cinn agus a spreagadh	Leanúint de thacú leis na Tionscnaimh Óige agus Comhairle na nÓg laistigh den Chontae a fhorbairt tuilleadh
Cothroime rochtana ar gach spás poiblí agus ar gach foirgneamh agus seirbhís atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Laoise nó a n-oibríonn Comhairle Chontae Laoise iad a chur ar fáil agus a chur chun cinn	Leanúint dár ndualgais faoin Acht um Míchumas 2005 agus faoi Dhearbhú Barcelona a chomhlíonadh	Oibriú le Grúpaí Míchumais agus leo sin a dhéanann ionadaíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas sa Chontae agus an tAcht um Míchumas 2005 a Chur Chun Feidhme
Soláthar agus cur chun feidhme Straitéis agus Phlean Gníomhaíochta Aoise Laoise a chur ar aghaidh	Seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar laistigh de na struchtúir atá ann cheana trí chomhoibriú agus trí chomhar, ag déanamh cinnte go gcuirtear acmhainní ar chomhréim agus go n-úsáidtear iad ar an dóigh is éifeachtúla agus is éifeachtaí is féidir le haghaidh dhaonra an Chontae atá ag dul in aois	A chinntiú go dtugtar meas, aitheantas agus tacaíocht do gach saoránach agus go gcuirtear ar a gcumas saol neamhspleách iomlán a mhaireachtáil

Cur Chun Cinn an Chontae

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Cur Chun Cinn an Chontae	Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta agus ionad imeachtaí ar ardchaighdeán Tacú agus comhoibriú le comhpháirtithe tionscail chun Laois a chur chun cinn mar chontae atá beoga, spraíúil agus suaithinseach	Comhoibriú le páirtithe leasmhara ainmnithe turasóireachta chun acmhainneacht turasóireachta Laoise a bharrfheabhsú Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil do sholáthraithe turasóireachta Tionscadail turasóireachta a bhainistiú faoi choimirce Chomhairle Chontae Laoise Tacú le forbairt turasóireachta sa Chontae Leanúint de thionscnaimh thraschontae a fhorbairt agus a chur ar aghaidh

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
An Leabharlann	Leabharlann agus seirbhís faisnéise nua-aimseartha inroch-tana a fhorbairt le haghaidh an phobail ar fad	Feabhas a chur ar sheirbhísí do gach earnáil sa phobal lena bhfreagraítear do riachtanais áitiúla, na huaireanta oscailte reatha a choinneáil, stoc agus meáin reatha agus nuashonraithe a chur ar fáil do Leabharlanna agus seirbhísí do scoileanna agus d'ionaid fhor-rochtana a fheabhsú. Dul i dteagmháil le heagraíochtaí eile is comhpháirtithe amhail Comhpháirtíocht Laoise, Oidhreacht Laoise
	Bonneagair Leabharlainne a chothabháil agus leanúint díobh	Leanúint den chlár chun Bonneagar Leabharlainne a Fhorbairt
	Áiseanna TFC agus Leabharlanna Digiteacha a fheabhsú ar fud líonra na mbrainsí Leabharlainne	An suíomh Gréasáin a fheabhsú chun an Leabharlann Fhíorúil a bhreisiú, áiseanna TFC/ WiFi i ngach brainse a fheabhsú, bailiúcháin staire áitiúla a dhigitiú, seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn ach na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs agus modhanna cumarsáide eile a úsáid
	Na moltaí i mBeartais Náisiúnta Leabharlainne, ar nós "Deiseanna do Chách 2013-2018" agus "Seirbhís Éifeachtach Leabharlainne a Bhainistiú 2014" a chur chun feidhme	Beartais Náisiúnta mholta a chur chun feidhme
	Leabharlanna a Fhorbairt mar Ionaid Chultúrtha agus Foghlama	Tacú leis an bhforbairt imeachtaí cultúrtha agus ealaíon i leabharlanna agus le rochtain saor in aisce orthu, rud a chuirfidh imeachtaí, ranganna agus taispeántais saor in aisce ar fáil do gach duine sa phobal. Leanúint de ranganna teanga agus TF saor in aisce a chur ar fáil agus den Ghaeilge a chur chun cinn
An tSeirbhís Ealaíon	Comhdheiseanna do chách le páirt a ghlacadh sa Chlár Ealaíon a chur chun cinn, a éascú agus a chur ar aghaidh	Plean Straitéiseach Ealaíon a chur chun feidhme agus é a mheas go rialta Timpeallacht a chruthú a thacaíonn le huaillmhian ealaíontóirí agus ealaíonta agus le forbairt chruthaitheach ealaíontóirí aonair Rannpháirtíocht atá cuimsitheach ón taobh sóisialta de i ngach clár ealaíne a mhéadú
Spórt, Caitheamh Aimsire, Fóillíocht agus Súgradh	A chinntiú gur cuid chomhtháite, chuimsitheach agus inbhuanaithe d'fhorbairt Chontae Laoise í pleanáil le haghaidh spóirt, caitheamh aimsire, fóillíochta agus súgartha	Forbairt agus cur chun feidhme a dhéanamh ar straitéis maidir le háiseanna spóirt, caitheamh aimsire, fóillíochta agus súgartha a fhorbairt Tacú agus oibriú le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí tábhachtacha chun rannpháir-tíocht a uasmhéadú Feachtas chun feasacht a mhúscailt a chur chun feidhme

Tithíocht agus Pobail Inbhuanaithe

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Soláthar Tithíochta	A chinntiú go mbaineann gach duine dár saoránaigh leas as caighdeán imleor cóiríocht tithíochta atá oiriúnach dá riachtanais agus, a mhéid is féidir, atá i láthair agus i dtionacht a roghnaíonn siad agus seirbhís fhreagrúil thacúil tithíochta a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh uathu	An fháil ar chóiríocht a uasmhéadú trí chláir thógála agus trí chláir léasaithe shóisialta An scéim um an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta a chur chun feidhme i gContae Laoise Soláthar a dhéanamh do chatagóirí áirithe grúpaí amhail daoine faoi mhíchumas, an lucht siúil agus daoine gan dídean laistigh de Chláir Chóiríochta Tithíochta chomhaontaithe Iasachtaí agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag foinsiú cóiríocht phríobháideach Tacú leis an earnáil dheonach tithíochta maidir le haonaid a chur ar fáil Aonaid shóisialta atá ann cheana a chothabháil de réir caighdeán inghlactha Caighdeáin arda i dtithíocht atá tíosach ar fhuinneamh a bhaint amach tríd an gClár um Éifeachtúlacht Fuinnimh a chur chun feidhme go leanúnach
Bainistíocht Eastáit agus Forbairt Pobail	Rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistíocht eastáit agus i maireachtáil sa phobal a uasmhéadú	Rannpháirtíocht tionóntaí i mbainistíocht eastáit a chothú Tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail phobail a bhaineann le tithíocht shóisialta

Bealach na Clóidí

Cúirt an Mhuilinn Nua

Teaghais Tuaithe

Gnóthaí Corparáideacha

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Seirbhís do Chomhaltaí Tofa	Seirbhís tacaíochta éifeachtach a chur ar fáil don Chomhairle Feasacht a mhéadú ar an méid dearfach a chuireann an Chomhairle leis an bpobal	Éifeachtúlacht sa dóigh a ndéantar gnó an Chontae a uasmhéadú Oiliúint agus tacaíocht chuí a chur ar fáil do Chomhaltaí Tofa agus Tús Áite á Thabhairt do Dhaoine An Creat Eitice i Rialtas Áitiúil a chur chun feidhme An leas is mó a bhaint as an soláthar faisnéise faoi ghníomhaíochtaí na Comhairle agus imeachtaí cur chun cinn a éascú trí na meáin shóisialta Straitéis Cumarsáide na Comhairle a chur chun feidhme
Seirbhís do Chustaiméirí	Seirbhísí ardchaighdeáin atá dírithe ar an gcustaiméir agus a fhreagraíonn do riachtanais an phobail a sholáthar	Cairt Chustaiméirí na Comhairle a chur chun feidhme agus a athbhreithniú An scaipeadh faisnéise ar Chustaiméirí a uasmhéadú Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh Táscairí Seirbhíse Náisiúnta agus Áitiúla Deiseanna a scrúdú le haghaidh úsáid mhéadaithe a bhaint as áiseanna na Comhairle maidir le seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar Scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a d'fhéadfadh bheith ábhartha d'fheidhmeanna Chomhairle Chontae Laoise agus gníomhartha cuí a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt orthu
An Toghchóras agus Toghcháin	An rannpháirtíocht is mó is féidir sa phróiseas daonlathach a spreagadh	An fhaisnéis is mó is féidir a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas clárúcháin toghthóirí Cruinneas Chlár na dToghthóirí a fheabhsú agus a chothabháil Reáchtáil toghchán áitiúil a éascú
Deontais Ardoideachais	Rochtain ar oideachas Tríú Leibhéal a éascú	Na hiarratais ar Dheontais Ardoideachais atá fágtha a riar ar bhealach éifeachtúil éifeachtach

Gnóthaí Corparáideacha

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Bainistíocht Riosca / Sláinte agus Sábháilteacht	Bainistíocht Riosca a chur chun cinn agus a chur chun feidhme Timpeallacht Oibre atá Sláintiúil agus Sábháilte a chur ar fáil	Beartais agus an Clár um Bainistíocht Riosca a Athbhreithniú agus a Nuashonrú Athbhreithniú, nuashonrú agus cur chun feidhme leanúnach a dhéanamh ar Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta Cultúr sábháilteachta a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothú ar fud ár ngníomhaíochtaí go léir A luachmhaire atá Sláinte agus Sábháilteacht a neadú i ngach próiseas cinnteoireachta A chinntiú go bhfuil rialuithe dea-chleachtais maidir le Bainistíocht Riosca agus Sláinte agus Sábháilteacht san áireamh i socruithe soláthair
Rialachas Corparáideach	Struchtúir a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair na Comhairle ar bhealach oscailte trédhearcach agus an leas is mó á bhaint as na hacmhainní ar fáil A chinntiú go n-oibríonn an Chomhairle agus a fostaithe ar bhealach eiticiúil agus go bhfuil sí cuntasach dá custaiméirí agus don phobal mór	Tacú le hobair an Choiste Iniúchóireachta Tacú leis na próisis Iniúchóireachta Inmheánaí agus Iniúchóireachta Seachtraí Athbhreithniú, nuashonrú agus cur chun feidhme a dhéanamh ar chaighdeáin ‘dea-chleachtais’ a bhaineann le Rialachas Corparáideach

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Earcaíocht agus Roghnú	Na hacmhainní daonna cuí a fhoinsiú chun freastal ar riachtanais na Comhairle de réir an Phlean Fórsa Saothair	Próisis éifeachtacha sholúbtha earcaíochta a bhunú chun freastal ar riachtanais acmhainní daonna agus scileanna na heagraíochta Tacú le tionscnaimh náisiúnta le haghaidh daoine dífhostaithe go fadtéarmach
Beartais agus Nósanna Imeachta Inmheánacha maidir le hAcmhainní Daonna	Beartais a fhorbairt agus a chur in iúl chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh na reachtaíochta um fhostaíocht	Sraith beartas agus nósanna imeachta maidir le hacmhainní daonna a fhorbairt agus a chur in iúl chun a chinntiú go gcomhlíonann siad an reachtaíocht is déanaí agus an dea-chleachtas
Oiliúint Foirne	Oiliúint a chur ar an bhfoireann sna scileanna agus sna hinniúlachtaí a theastaíonn chun cuspóirí eagraíochta, foirne agus duine aonair a bhaint amach	Plean oiliúna agus forbartha a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cuspóirí eagraíochta agus le forbairt foirne, lena n-áirítear timpeallacht shábháilte oibre, faoin Reachtaíocht um Shláinte agus Sábháilteacht
Caidreamh Tionsclaíoch	Caidreamh cobhsaí a chothabháil idir an lucht bainistíochta, fostaithe agus ionadaithe ceardchumainn	Cruinnithe rialta caidrimh thionsclaíoch le hionadaithe foirne Úsáid a bhaint as an bpróiseas comhpháirtíochta chun tacú le hathrú agus le nua-aoisiú agus leis an bpróiseas faisnéise agus comhairliúcháin
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Córais nua-aimseartha faisnéise a chur ar fáil don Lucht Bainistíochta agus don Fhoireann chun cabhrú leo seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil do Chustaiméirí agus do Chomhaltaí Tofa Faisnéis a chur ar fáil go tráthúil do Chustaiméirí na heagraíochta 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain	Bonneagar athléimneach caighdeánaithe Córas Bainistíochta a chur ar fáil don eagraíocht a éascóidh seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí ar bhealach atá cost-éifeachtúil agus éifeachtúil A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar fhoireann TFC san úsáid teicneolaíochtaí Leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag TFC cur ar chumas Laoise ról ceannasach a imirt i ríomhsheirbhísí comhtháite poiblí a sholáthar A chinntiú go bhfuil rochtain ag daoine ar gach leibhéal cumais ar chórais phoiblí A chinntiú go bhfoilsítear faisnéis laistigh de thréimhse inghlactha agus de réir treoirlínte sonraithe

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Straitéis Buiséid	An buiséad a bhainistiú go héifeachtach chun na spriocanna éifeachtúlachta is mó is féidir a bhaint amach	An buiséad bliantúil a ullmhú laistigh den tréimhse shocraithe agus acmhainní na Comhairle a bhainistiú go héifeachtach Athbhreithniú míosúil ar chaiteachas/ ioncam sa bhuiséad glactha
Bainistíocht Airgeadais agus Bainistíocht Ciste	Cleachtais láidre bhainistíocht airgeadais a chothú ar fud na heagraíochta agus a chinntiú go mbaintear rialachas corparáideach amach	Comhairle agus faisnéis airgeadais atá tráthúil, cruinn agus neamhchlaonta a chur ar fáil don Chomhairle thofa Tuarascálacha ráithiúla airgeadais a ullmhú le haghaidh ioncaim agus caipitil agus faireachán a dhéanamh orthu in aghaidh an bhuiséid Na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a ullmhú de réir an dea-chleachtais A chinntiú go mbaintear comhlíonadh cánach amach ar fud na heagraíochta
Caiteachas	Íocaíocht thráthúil ár gceangaltas go léir a chinntiú	Comhlíonadh na reachtaíochta um Íoc Pras Cuntas a chinntiú A chinntiú go ndéantar íocaíochtaí éigeantacha leis na Coimisinéirí Ioncaim in am
Bailiú Ioncaim	Bailiúcháin i ngach réimse a uasmhéadú agus riaráiste a laghdú	A chinntiú go mbailítear ioncam ar an mbealach is tapa, is éifeachtúla agus is tuisceanaí is féidir Leanúint d'oibriú lenár bhféichiúnaithe go léir chun an bailiú is mó is féidir a chinntiú
Seirbhís Iniúchóireachta	Iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla de réir na reachtaíochta ábhartha	A chinntiú go n-úsáidtear acmhainní na Comhairle de réir na reachtaíochta ábhartha

MyPay

Réimsí Gníomhaíochta	Cuspóirí	Straitéisí
Pleanáil agus Cur Chun Feidhme Tionscadal	Sceideal cur i bhfeidhm a fhorbairt agus a chur chun feidhme le go mbeidh gach ceann de na húdaráis áitiúla beo faoi dheireadh na bliana 2016	Plean tionscadal cuimsitheach a fhorbairt agus a nuashonrú Plean mionsonraithe cumarsáide a fhorbairt Próisis a athbhreithniú agus tuairisc a thabhairt don Bhord Clár gach mí
Párolla	A chinntiú go n-íoctar gach íocaí san earnáil go cruinn agus in am	A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar gach oibreoir agus maoirseoir Córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF) a úsáid chun a chinntiú go gcoinnítear leibhéil éifeachtúla feidhmíochta Páirt a ghlacadh i gcumarsáid leanúnach le hÚdaráis Áitiúla
Aoisliúntas	Ionad Barr Feabhais a sholáthar le haghaidh aoisliúntais don earnáil	Oiliúint chreidiúnaithe in aoisliúntas a fhoinsiú Dul i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun a chinntiú go bhfuil faisnéis in MyPay cothrom le dáta i gcónaí Páirt a ghlacadh i gcumarsáid leanúnach le húdaráis áitiúla
Bainistíocht Cáilíochta	Córas bainistíochta cáilíochta a fhorbairt chun an soláthar seirbhís párolla agus aoisliúntais ar ardchaighdeán a éascú	Nósanna imeachta párolla agus aoisliúntais a dhoiciméadú chun dearbhú cáilíochta a éascú Rialuithe agus seiceálacha cáilíochta a bhunú chun earráidí a shainaithint roimh sholáthar seirbhíse Nósanna imeachta bainistíochta ar ardchaighdeán a fhorbairt chun feabhas leanúnach a chur chun cinn Feidhmíocht a thomhas in aghaidh eochairtháscairí feidhmíochta an Chomhaontaithe Seirbhíse

Cur Chun Feidhme, Faireachán agus Athbhreithniú

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach croíchuspóirí Chomhairle Chontae Laoise sa tréimhse 2014 - 2019 agus na gníomhartha lena mbaint amach.

D'fhéadfadh éilimh agus dúshláin nua teacht aníos. Ní féidir gach ceann díobh a réamh-mheas agus d'fhéadfaí tosaíochtaí a athrú dá bharr. Beidh sé riachtanach an Plean a athbhreithniú chun aird a thabhairt ar athruithe a tharla agus chun a chinntiú go gcuirtear an plean chun feidhme laistigh de na tréimhsí comhaontaithe. Is mar seo a leanas atá an creat le haghaidh cur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Corparáideach:

- Déanfar Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn faoi chur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh a ullmhú agus a chur faoi bhráid Comhaltaí Tofa lena bhreithniú agus foilseofar í mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil.

- Beidh faireachán agus athbhreithniú leanúnach ar an bPlean Corparáideach ina gcuid dhílis d'obair an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh sa Chomhairle.

- Ullmhófar Pleananna Bliantúla Soláthar Seirbhíse a léireoidh na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach agus a thaispeánfaidh conas a bhainfear na cuspóirí sin amach trí ghníomhartha sonracha sa bhliain i gceist.

- Cinnteoidh próiseas an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) go bhfuil baint ag gach roinn, rannóg agus fostaí le hathbhreithniú agus le cur chun feidhme an Phlean Chorparáidigh.

- Moltaí an Choimisiúin Náisiúnta Mhaoirseachta agus Iniúchóireachta a chur chun feidhme.

- Tuarascáil Mhíosúil Lucht Bainistíochta don Chomhairle a ullmhú agus a chur isteach.

- Táscairí Náisiúnta Seirbhíse a chur chun feidhme.

Aguisín 1 - TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA GNÍOMHAÍOCHTA

Tithíocht

H1: Stoc Tithíochta Sóisialta

H1A: An líon iomlán teaghaisí a ar chuir an tÚdarás Áitiúil iad ar fáil a chuimsíonn:

H1B: An líon teaghaisí a cuireadh ar fáil go díreach, i.e. a thóg (B1) nó a cheannaigh (B2) an tÚdarás Áitiúil

H1C: An líon aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos

H1D: An líon aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim um an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

H1E: An líon aonad a cuireadh ar fáil faoin Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta

H1F: An líon iomlán teaghaisí tithíochta sóisialta san Údarás Áitiúil

H1G: An líon iomlán teaghaisí a cuireadh ar fáil go díreach (a tógadh nó a ceannaíodh)

H1H: An líon iomlán aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos

H1I: An líon iomlán aonad a cuireadh ar fáil faoin Scéim um an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

HJ1: An líon iomlán aonad a cuireadh ar fáil faoin Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta

H2: Folúntais Tithíochta

H2A: An céatadán den líon iomlán teaghaisí ag H1G a bhí folamh

H3: Meán-aga agus Meánchostas Athligin

H3A: An t-aga a tógadh ón dáta ar ar fágadh an teaghais folamh go dtí an dáta ar ar thosaigh tionóntacht nua sa teaghais, agus é mar mheán ar fud na n-aonad go léir a athligeadh

H3B: An costas a caitheadh ar na haonaid tionóntaí nua a ullmhú le haghaidh athligean, agus é mar mheán ar fud na naonad go léir a athligeadh

H4: Costas Cothabhála Tithíochta

H4A: Caiteachas ar dheisiú agus chothabháil na dtithe ar cheannaigh nó ar thóg an tÚdarás Áitiúil iad

H5: Cigireachtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach

H5A: An líon iomlán tionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil

H5B: An líon cigireachtaí a rinneadh

H6: Daoine Fásta gan Dídean go Fadtéarmach

H6A: An líon daoine fásta atá gan dídean go fadtéarmach mar % den líon iomlán daoine fásta gan dídean

Bóithre

R1: Rátálacha san Innéacs um Riocht an Dromchla Pábhála

R1A: An % de dhromchlaí bóithre (a) Réigiúnacha, (b) Príomha Áitiúla, (c) Tánaisteacha Áitiúla agus (d) Áitiúla den Tríú Grád i ngach ceann de na 10 gcatagóir rátála san Innéacs um Riocht an Dromchla Pábhála (1 go 10)

R2: An % d'Idirbhearta Mótarchánach a rinneadh ar líne

R2A: An céatadán d'idirbhearta mótarchánach a ndéileáiltear leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca mótarchánach)

W1 agus W2: Uisce

W1: Uisce gan Tásc mar % den mhéid iomlán uisce a soláthraíodh faoi scéimeanna Údaráis Áitiúil

W1A: Uisce gan Tásc mar chéatadán den mhéid iomlán uisce a soláthraíodh faoi na scéimeanna soláthar uisce a bhfuil an túdarás áitiúil freagrach astu faoi Chomhaontú Seirbhíse

W2: An % den Uisce Óil (scéimeanna príobháideacha agus scéimeanna poiblí) a chomhlíonann ceanglais reachtúla

Dramhaíl/an Comhshaol

E1: An líon ceadúnaithe a oibríonn i limistéar an Údaráis Áitiúil

E1A: An líon oibreoirí dramhaíola ar thug an tÚdarás Áitiúil ceadúnas dóibh oibriú ina limistéar

E2: An líon/an % de Theaghlaigh a bhfuil rochtain acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair

E2A: An líon teaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2011, atá suite i limistéar a gclúdaíonn oibreoir ceadúnaithe a chuireann seirbhís 3 bhosca bruscair ar fáil é

E2B: An % de theaghlaigh laistigh den limistéar (de réir Dhaonáireamh 2011 freisin) a seasann an líon ag A dó

E3: An líon gearán Dramhaíola a rinneadh leis an Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

E3A: An líon gearán ar leith a bhaineann le dramhaíl sa limistéar a tarchuireadh chuig an Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil mar go raibh an fhadhb ann fós tar éis don Údarás Áitiúil an gearán a imscrúdú

E4: An % de ghearáin eile (i.e. nach mbaineann le dramhaíl) faoi thruailliú an chomhshaoil ar cuireadh deireadh leo

E4A: An líon iomlán cásanna (bruscar/aer/torann/truailliú uisce) a ndearnadh gearán/gearáin ina leith trí mheán ar bith, bíodh sé/siad tionscanta ag an bpobal nó ag an Údarás Áitiúil é féin agus an % de na cásanna sin ar cuireadh deireadh leo

E5: An % de limistéar an Údaráis Áitiúil laistigh de na 5 leibhéal de thruailliú bruscair

E5A: An % den limistéar laistigh den Údarás Áitiúil a bhí 1) gan truailliú nó gan bhruscar, 2) beagáinín truaillithe, 3) measartha truaillithe, 4) an-truaillithe nó 5) fíorthruaillithe nuair a rinneadh suirbhé air

Pleanáil

P1: Foirgnimh Nua a nDearnadh Cigireacht orthu

P1A: Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil

P2: An líon/an % de chinntí pleanála a dheimhnigh an Bord Pleanála

P2A: An líon cinntí pleanála Údaráis Áitiúil a bhí ina n-ábhar d'achomharc chuig an mBord Pleanála a ndearnadh an Bord cinneadh orthu lá ar bith le bliain anuas.

P2B: An % de na cinntí ag A a dheimhnigh le hathrú nó gan athrú an cinneadh a rinne an tÚdarás Áitiúil

P3: An % de chásanna Forfheidhmiú Pleanála ar cuireadh deireadh leo mar chásanna réitithe

P3A: An líon iomlán cásanna pleanála (in ionad gearán) a tarchuireadh chuig an údarás áitiúil nó ar thionscain an t-údarás áitiúil iad a imscrúdaíodh

P3B: an líon iomlán cásanna ar cuireadh deireadh leo P3C: An % de chásanna ag B a scoireadh faoi alt 152(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000

P3D: An % de na cásanna ag B a réitíodh chun sástacht an Údaráis Áitiúil trí idirbheartaíocht

P3E: An % de na cásanna ag B ar cuireadh deireadh leo de bharr imeachtaí forfheidhmiúcháin (i.e. réitithe mar fhreagairt do litir rabhaidh a eisíodh faoi alt 152 den Acht nó d'fhógra forfheidhmiúcháin a eisíodh faoi alt 154 den Acht nó sa chás gur tugadh ionchúiseamh faoi alt 157 nó gur iarradh urghaire faoi alt 160 den Acht)

P3F: An líon iomlán cásanna atá á n-imscrúdú

P4: Costas per capita na Seirbhíse Pleanála

P4A: Sonraí Chlár D an Ráitis Airgeadais Bhliantúil arna roinnt faoi dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2011

An tSeirbhís Dóiteáin

F1: Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin

F1A: Sonraí Chlár E an Ráitis Airgeadais Bhliantúil arna roinnt faoi dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2011

F2: Cur i bhFeidhm Seirbhíse

F2A: An meán-aga (i nóiméid) a tógadh chun briogáidí dóiteáin a chur i bhfeidhm i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaca le dóiteán

F2B: An meán-aga (i nóiméid) a tógadh chun briogáidí dóiteáin a chur i bhfeidhm i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) i dtaca le dóiteán

F2C: An meán-aga (i nóiméid) a tógadh chun briogáidí dóiteáin a chur i bhfeidhm i Stáisiúin Lánaimseartha i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile (nach mbaineann le dóiteán)

F2D: An meán-aga (i nóiméid) a tógadh chun briogáidí dóiteáin a chur i bhfeidhm i Stáisiúin Lánaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile (nach mbaineann le dóiteán)

F3: An Céatadán den Fhreastal ar Láithreacha

F3A: An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad

F3B: An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad

F3C: An % de chásanna i dtaca le dóiteán inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad

F3D: An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad

F3E: An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad

F3F: An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas éigeandála eile inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad

Seirbhísí Leabharlainne/Caitheamh Aimsire

L1: Cuairteanna ar Leabharlanna

L1A: An líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh 1,000 duine sa daonra de réir Dhaonáireamh 2011

L2: An costas as Seirbhís Leabharlainne a oibriú

L2A: Sonraí Chlár D an Ráitis Airgeadais Bhliantúil arna roinnt faoi 1,000 duine sa daonra de réir Dhaonáireamh 2011

An Óige/an Pobal

Y1: Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg

Y1A: An céatadán de scoileanna áitiúla agus de ghrúpaí óige áitiúla atá bainteach le scéim áitiúil Chomhairle na nÓg

Y2: An líon rannpháirtithe i scéim Gateway atá fostaithe mar % den sprioc

Y2A: An líon rannpháirtithe i scéim Gateway a chuir tús le socrúchán oibre, agus é léirithe mar % de na socrúcháin a leithdháileadh ar an Údarás Áitiúil

Y3: An % d'ainmnithe do bhallraíocht den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil trí na struchtúir Líonra Rannpháirtíochta Pobail ó na grúpaí is imeallaithe sa Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus um Chuimsiú Sóisialta

Y3A: An líon iomlán ball earnála príobháidí den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil a ainmníodh trí na struchtúir Líonra Rannpháirtíochta Pobail atá i gceann ar bith de na grúpaí seo a leanas: An Lucht Siúil, an Pobal Romach, Daoine Dífhostaithe, Daoine faoi Mhíchumas, Tuismitheoirí Singile nó Teaghlaigh i Limistéir faoi Mhíbhuntáiste agus Pobail faoi Mhíbhuntáiste nó Pobail Nua (Dídeanaithe/ Lucht Iarrtha Tearmainn san áireamh).

Y4: An líon daoine a chuaigh ar aghaidh chuig fostaíocht lánaimseartha, fostaíocht pháirtaimseartha nó féinfhostaíocht laistigh de 6 mhí tar éis tacaíocht fostaíochta Sprioc 3 a fháil

Y4a: An líon daoine sa chatagóir 'Daoine a dtacaítear leo gabháil d'fhostaíocht nó d'fhéinfhostaíocht' a thosaigh an fhostaíocht sin laistigh de 6 mhí tar éis tacaíocht Sprioc 3 a fháil, rud a chuirtear san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil an Chláir um Fhorbairt Áitiúil Pobail do 2014, a mbeidh na figiúirí ina leith ar fáil faoi dheireadh mhí an Mhárta 2015

Corparáideach

C1: An líon iomlán coibhéisí lánaimseartha

C1A: An líon soláthar foirne i gcoibhéisí lánaimseartha

C2: An líon laethanta oibre a cailleadh de bharr tinnis

C2A: An céatadán de laethanta oibre a cailleadh de bharr neamhláithreacht tinnis trí shaoire atá deimhnithe de réir míochaine

C2B: An céatadán de laethanta a cailleadh de bharr neamhláithreacht tinnis trí shaoire fhéindeimhnithe

C3: An líon cuairteanna leathanaigh ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Áitiúil

C3A: An líon iomlán carnach amharc ar leathanaigh a fuarthas ó sheirbhís anailísíochta Gréasáin a chlibeálann leathanaigh

C4: Costas iomlán as soláthar TFC in aghaidh coibhéis lánaimseartha (CL)

C4A: Gach caiteachas ioncaim ar chrua-earraí agus ar bhogearraí móide dímheas (20% de réir méid chothroim) ar na crua-earraí atá ann cheana móide conarthaí comhairleachta TF agus conarthaí TF atá ann cheana móide táillí ceadúnúcháin TF agus an chuid ábhartha den mhuirear bainistíochta láir arna roinnt ag an líon CL a soláthraíodh faoin táscaire C1

Airgeadas

M1: Achoimre 5 bliana ar an iarmhéid Cuntas Ioncaim

M1A: An t-iarmhéid dochair/sochair (an ceann ábhartha á chur in iúl) ag an 31/12/2010 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil

M1B: An t-iarmhéid dochair/sochair (an ceann ábhartha á chur in iúl) ag an 31/12/2011 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil

M1C: An t-iarmhéid dochair/sochair (an ceann ábhartha á chur in iúl) ag an 31/12/2012 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil

M1D: An t-iarmhéid dochair/sochair (an ceann ábhartha á chur in iúl) ag an 31/12/2013 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil

M1E: An t-iarmhéid dochair/sochair (an ceann ábhartha á chur in iúl) ag an 31/12/2014 sa Chuntas Ioncaim ón Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil

M2: Achoimre 5 bliana ar leibhéil bhailiúcháin mar % le haghaidh mórfhoinsí ioncaim

M2A: Na figiúirí aonair mar % le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sa cholún deiridh d'Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2010

M2B: Na figiúirí aonair mar % le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sa cholún deiridh d'Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2011

M2C: Na figiúirí aonair mar % le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sa cholún deiridh d'Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2012

M2D: Na figiúirí aonair mar % le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sa cholún deiridh d'Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2013

M2E: Na figiúirí aonair mar % le haghaidh (a) Rátaí, (b) Cíos agus Blianachtaí agus (c) Iasachtaí Tithíochta sa cholún deiridh d'Aguisín 7 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil do 2014

J1: Forbairt Gheilleagrach

J1: An líon post a cruthaíodh

J1A: An líon post a cruthaíodh le cúnamh ón Oifig Fiontar Áitiúil

Aguisín 11 - Foireann Shinsearach Chomhairle Chontae Laoise

Príomhfheidhmeannach:	**Gerry Murphy**
Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha, Pobail, Pleanála agus Forbairt Gheilleagrach:	**Anna Marie Delaney**
Stiúrthóir Bonneagair agus Seirbhísí Éigeandála:	**Kieran Kehoe**
Ceannasaí Airgeadais agus Stiúrthóir Tithíochta (Gníomhach):	**Julie Bergin**
Stiúrthóir Oibríochtaí (Gníomhach):	**John Forde**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Pobal agus Fiontair:	**Ian McCormack**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Tithíocht:	**Michael Rainey**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Acmhainní Daonna (Gníomhach):	**Evelyn Brownrigg**
Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Pleanáil:	**Carmel McNicholl**
Ceannasaí Córais Faisnéise (Gníomhach):	**John Smith**
Innealtóir Sinsearach - Bóithre agus an Comhshaol:	**Henry Ritchie**
Innealtóir Sinsearach - Seirbhísí Uisce:	**Michael O'Hora**
Pleanálaí Sinsearach:	**Angela McEvoy**
Leabharlannaí Contae (Gníomhach):	**Bernie Foran**
Príomh-Oifigeach Dóiteáin (Gníomhach):	**Declan Power**
Oibrí Sóisialta Sinsearach:	**Fionnuala Daly**

Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn

Ar an Idirlíon: www.laois.ie
R-phost: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Port Laoise	Teil: (057) 8664000
Cuntais Iníoctha, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664117
An Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664033
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674308
An tSaotharlann, Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise	Teil: (057) 8664158
Ceanncheathrú Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664106
An Oifig Fiontar Áitiúil	Teil: (057) 8661800
An Comhshaol, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674318
Deontais Ardoideachais, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664137
Tithíocht, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664222
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664144
An Láithreán Líonadh Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Teil: (057) 8620653
Ceanncheathrú Leabharlainne, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664041
An Oifig Mótarchánach, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674385
An Oifig um an Tionscadal Bóithre Náisiúnta	Teil: (057) 8674344
Pleanáil, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664233
Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664105
Bailiú Ioncaim, Áras an Chontae	Teil: (057) 8664062
Bóithre, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674352
Spórt agus Fóillíocht, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674313
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Teil: (057) 8674358

Comhairle Chontae Laoise, Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois
Teileafón (057) 86 64000. Facs: (057) 86 22313
Gréasán: www/laois.ie. Ríomhphost: corpaffairs@laoiscoco.ie.
©2015 Comhairle Chontae Laoise